Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 3 Márta 2020
(OR. en)

6253/20

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2019/0099(NLE)**

ACP 12
WTO 24
COASI 17
RELEX 147

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | An Mheitheal um an ACC |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 5590/20 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 8916/19 + ADD 1-2 |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle maidir le haontachas Oileáin Sholómon leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt amháin, agus na Stáit san Aigéan Ciúin, den pháirt eile<br>- Glacadh an leagain Ghaeilge |

1. Ar an 29 Aibreán 2019, thíolaic an Coimisiún don Chomhairle togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le haontachas Oileáin Sholómon leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt amháin, agus na Stáit san Aigéan Ciúin, den pháirt eile agus, mar iarscríbhinn, an tairiscint ar rochtain ar an margadh a thíolaic Oileáin Sholomón (8916/19 + ADD 1-2).

2. Ar an 14 Bealtaine 2019, scrúdaigh an Mheitheal um an ACC an togra thuasluaite agus tháinig sí ar chomhaontú maidir le téacs an dréacht-Chinnidh ón gComhairle.

3. Ar an 14 Meitheamh 2019, d'iarr an Chomhairle ar Pharlaimint na hEorpa toiliú a thabhairt maidir le haontachas Oileáin Sholomón leis an gComhaontú.

4. Thug Parlaimint na hEorpa a toiliú ar an 17 Nollaig 2019.

5. Ar an 12 Feabhra 2020, ghlac an Chomhairle an dréacht-Chinneadh ón gComhairle i ngach teanga oifigiúil, seachas sa Ghaeilge.

6. Le Rialachán (CE) Uimh. 920/2005 ón gComhairle an 13 Meitheamh 2005[1], déantar foráil do mhaolú a mhéid a bhaineann leis an oibleagáid maidir leis na gníomhartha uile a dhréachtú i nGaeilge agus lena bhfoilsiú sa teanga sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. I gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2015/2264 ón gComhairle an 3 Nollaig 2015[2], scoirfidh an maolú sin d'fheidhm a bheith aige ón 1 Eanáir 2020 i gcás Cinntí a ghlac an Chomhairle nach sonrófar iontu cé chuige a bhfuil siad dírithe.

7. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá réir sin, a mholadh go ndéanfadh an Chomhairle an méid seo a leanas, ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo:

– leagan Gaeilge den Chinneadh ón gComhairle maidir le haontachas Oileáin Sholómon leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt amháin, agus na Stáit san Aigéan Ciúin, den pháirt eile, a ghlacadh mar mhír "A" mar a leagtar amach tar éis do na dlítheangeolaithe bailchríoch a chur air in 9405/19 REV 1 (ga);

– Parlaimint na hEorpa a chur ar an eolas faoi ghlacadh an leagain Gaeilge den Chinneadh ón gComhairle;

– a iarraidh go bhfoilseofaí an leagan Gaeilge den Chinneadh ón gComhairle san *Iris Oifigiúil*.

[1] IO L 156, 18.6.2005, lch. 3.
[2] IO L 322, 8.12.2015, lch. 1.